CINNEADH (AE) 2022/1046 Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT

an 29 Meitheamh 2022

lena gceaptar Breithiúna den Chúirt Ghinearálta

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 254 agus 255 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rachaidh téarma oifige 26 Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta in éag an 31 Lúnasa 2022. Ba cheart, dá bhrí sin, ceapacháin a dhéanamh do na poist sin don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2028.

(2) Tá Ion GÂLEA, Marc JAEGER, Dean SPIELMANN agus Mirela STANCU ainmnithe chun a dtéarma oifige a athnuachan mar Bhreitheamh na Cúirte Ginearálta.

(3) Moladh go gceapfaí Steven VERSCHUUR don chéad téarma oifige ina cháil mar Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta.

(4) Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 48 de Phrótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2015/2422 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), go bhfuil líon na mBreithiúna sa Chúirt Ghinearálta le méadú i dtrí chéim ionas go mbeidh beirt Bhreithiúna in aghaidh an Bhallstáit sa Chúirt Ghinearálta amhail ón 1 Meán Fómhair 2019. De réir Airteagal 2(a) de na Rialacha Nós Imeachta, baineann an chéad chéim den mhéadú ar líon na mBreithiúna sa Chúirt Ghinearálta le dáréag Breitheamh breise a cheapadh, agus beidh téarma oifige ag seisear acu a thiocfaidh chun deiridh an 31 Lúnasa 2016. Roghnaítear an seisear Breithiúna sin ar bhealach a mholfadh rialtais na sé Bhallstát beirt Bhreithiúna le haghaidh athnuachan pháirteach na Cúirte Ginearálta in 2016, téarma oifige a mhairfidh ón 1 Meán Fómhair 2016 go dtí an 31 Lúnasa 2022. Tá post an Bhreithimh bhreise atá le ceapadh ar thogra ó Rialtas Phoblacht na Slóvaice ar cheann de na poist sa seisear Breithiúna breise a bhfuil baint acu le hathnuachan pháirteach na Cúirte Ginearálta in 2016. Ainmníodh Beatrix RICZIOVÁ don phost mar Bhreitheamh breise den Chúirt Ghinearálta.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Phrótacal Uimh. 3, agus tar éis bhás Barna BERKE, ba cheart breitheamh a cheapadh don Chúirt Ghinearálta ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige Barna BERKE, eadhon go dtí an 31 Lúnasa 2022.

(6) Moladh Tihamér TÓTH don phost folamh sin.

(7) Thug an painéal a cuireadh ar bun faoi Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht na n-iarrthóirí sin chun feidhmeanna Breithimh den Chúirt Ghinearálta a fheidhmiú,

([1]) Rialachán (AE, Euratom) 2015/2422 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 lena leasaítear Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (IO L 341, 24.12.2015, lch. 14).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas ina mBreithiúna den Chúirt Ghinearálta don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2028:

— Ion GÂLEA,

— Marc JAEGER,

— Dean SPIELMANN,

— Mirela STANCU,

— Steven VERSCHUUR.

Airteagal 2

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas ina mBreithiúna den Chúirt Ghinearálta don tréimhse ó dháta theacht i bhfeidhm an chinnidh seo go dtí an 31 Lúnasa 2022:

— Beatrix RICZIOVÁ,

— Tihamér TÓTH.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Meitheamh 2022.

An tUachtarán
P. LÉGLISE-COSTA